Córas iompair fola

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chóras nua iompair fola. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. working voluntarily
2. carrying blood
3. medical material
4. documentaries
5. voluntary organisation
6. on duty
7. out of office hours
8. courage
9. funding and sponsorship
10. courier and taxi services

Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc uair amháin eile agus scríobh féin agus an duine in aice leat achoimre - ná téigí thar cúig abairt.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

(1) Cad é *Blood Bike West* agus cá bhfuil sé lonnaithe?

(2) Cé mhéad duine atá ag obair leo ag an phointe seo agus cén cineál oibre atá i gceist?

(3) Cad a deir Muiris faoi na gluaisrothair?

(4) Conas a shábhálfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte airgead má úsáidtear an tseirbhís nua?

Ceist 4. '*…Tá an tseirbhís ar fáil….'* **Ach**, bíonn sí ar fáil gach Aoine

(a) Cad é an difríocht idir an aimsir láithreach agus an aimsir ghnáthláitheach? Mínigh na difríochtaí ag úsáid an bhriathair: **Bí**

(b) Níl ach aon bhriathar déag neamhrialta sa Ghaeilge agus is briathra an-choitianta iad – cad iad?

(c) Scríobh amach na briathra anois san aimsir láithreach – ná déan dearmad den fhoirm cheisteach agus den fhoirm dhiúltach.

(d) Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat ag úsáid na mbriathra neamhrialta anois.

Ceist 5 '…deichniúr...'

Cuir an fhoirm cheart den fhocal idir lúibíní sna bearnaí:

(1) beirt (deirfiúr) _____
(2) seachtar (múinteoir) _____
(3) triúr (deartháir) _____
(4) ochtar (oibrí) _____
(5) seisear (dalta) _____
(6) naonúr (uncail) _____
(7) _____ amháin (aintín)
(8) ceathrar (cara) _____
(9) deichniúr (dochtúir) _____
(10) cúigear (othar) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ndéanann tú féin aon obair dheonach. Cén fáth?
Ar cheart don chineál sin oibre (ag iompar fola) a bheith deonach, dar leat? Mínigh.
Dá ndéanfá obair dheonach (eile) i mbliana, cad a dhéanfá?

Freagraí

Ceist 1

1. working voluntarily – *ag obair go deonach*
2. carrying blood – *ag iompar fola*
3. medical material – *ábhar leighis*
4. documentaries – *cláir faisnéise*
5. voluntary organisation – *eagraíocht dheonach*
6. on duty – *ar dualgas*
7. out of office hours – *taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre*
8. courage – *misneach*
9. funding and sponsorship – *maoiniú agus urraíocht*
10. courier and taxi services – *seirbhísí cúiréireachta agus tacsaithe*

Ceist 2

Iarr ar gach beirt achoimre a scríobh agus pléigh na tuairimí leis an rang ar fad ansin.

Ceist 3

1. Is eagraíocht dheonach é *Blood Bike West* a iompraíonn fuil agus ábhar leighis eile san Iarthar. Tá an eagraíocht lonnaithe i gCathair na Gaillimhe.
2. Tá deichniúr traenáilte ag an phointe seo agus is obair dheonach í a dhéantar taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.
3. Deir sé go bhfuil an gluaisrothar an-chumhachtach ar fad, gur gluaisrothar míle agus céad ceintiméadar ciúbach é agus go bhfuil misneach ag teastáil ar dhuine le dul in airde air.
4. Meastar go gcosnaíonn sé tuairim is trí chéad euro ar Ospidéal na Ollscoile i nGaillimh chun scanadh a iompar go Baile Átha Cliath ag baint úsáide as seirbhísí cúiréireachta nó tacsaithe, agus mar sin is cosúil go mbeidh an gluaisrothar seo agus na hoibrithe deonacha ag sábháil airgid d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ceist 4

Tá

Úsáidtear an 'aimsir láithreach' chun tagairt do rud atá ag tarlú anois láithreach nó rud go ginearálta.

> Tá mé ag obair mar bhainisteoir. (*I work as a manager)*
> Tá triúr deartháireacha agam. (*I have three brothers.*)

Úsáidtear an 'aimsir ghnáthláithreach' le tagairt do rud a tharlaíonn gach lá nó ar bhonn rialta.

> Bím sa bhaile gach tráthnóna timpeall a sé a chlog.
> (*I'm at home every evening around six o'clock.*)

An aimsir láithreach 'Bí'

táim (nó tá mé)	táimid	nílim (nó níl mé)	nílimid
tá tú	tá sibh	níl tú	níl sibh
tá sé/sí	tá siad	níl sé/sí	níl siad

An aimsir ghnáthláithreach 'Bí'

bím	bímid	ní bhím	ní bhímid
bíonn tú	bíonn sibh	ní bhíonn tú	ní bhíonn sibh
bíonn sé/sí	bíonn siad	ní bhíonn sé/sí	ní bhíonn siad

Na briathra mírialta / Irregular verbs

Tar (*come*)		*Ceist agus freagraí*
tagaim	tagaimid	
tagann tú	tagann sibh	An **dt**agann tú …?
tagann sé/sí	tagann siad	Tagann / Ní **th**agann

Téigh (*go*)		*Ceist agus freagraí*
téim	téimid	
téann tú	téann sibh	An **dt**éann tú …?
téann sé/sí	téann siad	Téann / Ní **th**éann

Feic (*see*)		*Ceist agus freagraí*
feicim	feicimid	
feiceann tú	feiceann sibh	An **bhf**eiceann sí …?
feiceann sé/sí	feiceann siad	Feiceann / Ní **fh**eiceann

Clois (*hear*)		*Ceist agus freagraí*
cloisim	cloisimid	
cloiseann tú	cloiseann sibh	An **gc**loiseann sibh …?
cloiseann sé/sí	cloiseann siad	Cloiseann /Ní **ch**loiseann

Déan (*do*)		*Ceist agus freagraí*
déanaim	déanaimid	
déanann tú	déanann sibh	An **nd**éanann tú …?
déanann sé/sí	déanann siad	Déanaim / Ní **dh**éanaim

Abair (*say*)		*Ceist agus freagraí*
deirim	deirimid	
deir tú	deir sibh	An **nd**eir siad …?
deir sé/sí	deir siad	Deir / Ní deir

Beir (*take, catch*)		*Ceist agus freagraí*
beirim	beirimid	
beireann tú	beireann sibh	An **mb**eireann sé …?
beireann sé/sí	beireann siad	Beireann / Ní **bh**eireann

Faigh (*get*)		*Ceist agus freagraí*
faighim	faighimid	
faigheann tú	faigheann sibh	An **bhf**aigheann tú …?
faigheann sé/sí	faigheann siad	Faigheann / Ní **fh**aigheann

Ith		*Ceist agus freagraí*
ithim	ithimid	
itheann tú	itheann sibh	An itheann siad …?
itheann sé/sí	itheann siad	Itheann / Ní itheann

Tabhair (*give*)		*Ceist agus freagraí*
tugaim	tugaimid	
tugann tú	tugann sibh	An **dt**ugann sí …?
tugann sé/sí	tugann siad	Tugann / Ní **th**ugann

Ceist 5
Tagann an tuiseal ginideach iolra tar éis na n-uimhreacha pearsanta. Bíonn séimhiú tar éis 'beirt' mura bhfuil na *dentals* i gceist.

(1) beirt *deirfiúracha*
(2) seachtar *múinteoirí*
(3) triúr *deartháireacha*
(4) ochtar *oibrithe*
(5) seisear *daltaí*
(6) naonúr *uncailí*
(7) *aintín* amháin
(8) ceathrar *cairde*
(9) deichniúr *dochtúirí*
(10) cúigear *othar*

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Seoladh an chéad seirbhís[i] iompair fola ar ghluaisrothar sa tír i gCathair na Gaillimhe inniu. Ag obair go deonach atá na daoine atá le *Blood Bike West*, ag iompar fola agus ábhar leighis eile idir ospidéil ar ghluaisrothair. Sé mhíle euro sa mbliain[ii] a mheastar a chosnóidh sé an tseirbhís a choinneáil agus má éiríonn léi[iii] tá súil tuilleadh gluaisrothar a chur ar bóthar ar fud na tíre.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Tá aithne ar Charley Boorman ó na cláir[iv] faisnéise a rinne sé agus é ag taisteal na cruinne ar ghluaisrothar. Bhí sé ar ghluaisrothar arís inniu ach is ag seoladh seirbhís nua iompair fola, *Blood Bike West*, a bhí sé. Is eagraíocht dheonach é a iompraíonn fuil agus ábhar leighis eile idir ospidéil agus bainc fola san Iarthar den chuid is mó, ach go rachaidh siad níos faide más gá. Deichniúr atá traenáilte ag an eagraíocht go dtí seo agus beidh siad ar dualgas taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Muiris Ó Cuinn, Oibrí deonach, Blood Bike West
Tá muid ag brath ar airgead deonach ó dhaoine[v] timpeall na háite chun an tseirbhís a choimeád. Tá cumhacht mhaith[vi] ag an ngluaisrothar seo anois, tá céad, tá míle (aon) céad cc[vii] ar an ngluaisrothar seo, *so,* chun an fhírinne a rá leat chaithfeá bheith go maith agus misneach maith a bheith agat chun bheith in airde ar an ngluaisrothar seo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Tá an tseirbhís á cur[viii] ar fáil saor in aisce d'ospidéil. D'éirigh leis an eagraíocht maoiniú agus urraíocht a aimsiú chun an gluaisrothar agus árachas a íoc, rud a chiallaíonn nach bhfuil le ceannach ach an peitreal. Meastar go gcosnaíonn sé tuairim is trí chéad euro ar Ospidéal na Ollscoile i nGaillimh chun scanadh a iompar go Baile Átha Cliath ag baint úsáide as seirbhísí cúiréireachta nó tacsaithe, agus mar sin is cosúil go mbeidh an gluaisrothar seo agus na hoibrithe deonacha ag sábháil airgid d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

---

[i] *tseirbhís* a deirtear
[ii] *sa bhliain* atá sa chaighdeán
[iii] *leis* a deirtear
[iv] *cláireachaí* a deirtear i gcanúint Chonnacht
[v] *daoine* a deirtear
[vi] *maith* a deirtear
[vii] *ceintiméadar ciúbach* atá i gceist
[viii] *chur* a deirtear